Duine Cosúil Liomsa

COMÓRTAS EALAÍNE

Duaiseanna iontacha suas go dtí luach **€750** le buachan do do scoil!*

Duaiseanna le bronnadh ar:

* **1 Bhuaiteoir Sóisearach in aghaidh an Chontae**
* **1 Bhuaiteoir Sinsearach in aghaidh an Chontae**
* **1 Bhuaiteoir Náisiúnta Foriomlán**

SPRIOCDHÁTA LE HAGHAIDH IONTRÁLACHA
18 Deireadh Fómhair 2019

Féach ar ár láithreán gréasáin

www.SomeoneLikeMeCompetition.ie

chun tuilleadh faisnéise a fháil agus chun teacht ar acmhainní ár bpleananna ceachta

*Freastalóidh buaiteoirí ar shearmanas bronnta duaiseanna i Halla na Cathrach i mBaile Átha Cliath ag an Nollaig!

NDA
Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sinsearach

Rang a Trí go Rang a Sé

Réamhrá:

An raibh a fhios agat?

Obair ghrúpa - Tabhair píosa páipéir do na daltaí, ag iarraidh orthu rud éigin fúthu féin a bhreacadh síos, rud nach mbeadh a fhios ag an rang faoi, seans. Iarr ar na daltaí a gcuid nótaí a fhilleadh, agus iad a chur i lár an ghrúpa. Glacann na daltaí seal ar na nótaí a léamh os ard agus a thomhas cé a scríobh iad. Tuairiscíonn na grúpaí an méid a d'fhoghlaim siad faoina chéile.

Plé Ranga

Déan plé maidir le caidreamh a dhéanamh le daoine eile agus faoi chairdeas a dhéanamh - conas a chuirimid aithne ar dhaoine eile; cosúlachtaí atá eadrainn a aithint; an tionchar a bhíonn ag tuairimí gan dealramh ar an gcaoi a ndéanaimid caidreamh le daoine eile; meas a bheith againn ar dhifríochtaí a chéile.

Cuspóirí:

- Tuiscint agus meas a bheith againn ar chosúlachtaí agus difríochtaí i measc daoine
- Feasacht agus tuiscint na ndaltaí ar mhíchumas a fhorbairt
- Tuiscint chomhpháirteach a fhorbairt ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile ar bhealach comhbhách, tuisceanach, mothálach agus ionchuimsitheach
- Cur chun cinn muintearais agus bainteachta
- Léiriú a thabhairt ar an téama '**Duine Cosúil Liomsa**' ar bhealach ealaíonta agus cruthaitheach
- Cabhrú le daltaí agus iad a spreagadh chun freagairt dá saothar féin agus do shaothair daltaí eile

Naisc Churaclaim:

OSPS - Mise agus daoine eile / Mise agus an domhan mór

Na hAmharcealaíona – Na snáithaonaid go léir

Forbairt:

- Obair Bheirte Comhroinnte - I mbeirteanna, iarr ar na daltaí a gcuid eolais go dtí seo / taithí ar mhíchumas a roinnt m.sh. míchumas fisiciúil; míchumas céadfach amhail bodhaire agus daille; míchumas intleachtúil; agus míchumas de réir mar a éiríonn daoine níos sine m.sh. áiseanna éisteachta agus siúlóirí a úsáid. Déan plé ranga air sin.
- Bain úsáid as rólghlacadh chun an tábhacht a bhaineann le gach duine a chur san áireamh inár ngníomhaíochtaí a léiriú agus an tionchar a bhaineann le gan daoine eile a chur san áireamh.
- Iarr ar na daltaí píosa de mhíreanna mearaí a tharraingt (féach ar an íomhá). Laistigh den chruth, iarr ar na daltaí bealaí a scríobh inar féidir linn daoine eile (duine le míchumas nó gan mhíchumas) a áireamh inár ngníomhaíochtaí. Ceangail na píosaí míreanna mearaí le chéile chun póstaer ranga a dhéanamh 'Is fearr a bheith le chéile'.

Roghnach: bileog ghníomhaíochta ar líne ar fáil ó www.someonelikemecompetition.ie

Iomlánach:

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun píosa ealaíne a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu, leis an teideal 'Duine Cosúil Liomsa' Cuir i gcuimhne do na daltaí smaoineamh ar a bheith ionchuimsitheach ina ndearadh - m.sh. má úsáideann siad téacs, an bhfuil an cló mór go leor? An féidir leo siombailí a úsáid chun a dteachtaireacht a chur in iúl? Is féidir le daltaí cinneadh a dhéanamh más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Tabhair roinnt ama ina dhiaidh sin do dhaltaí freagairt agus léirmheas dearfach a thabhairt ar obair a chéile.

Is féidir leat an teachtaireacht '**Duine Cosúil Liomsa**' a chomhroinnt trí thaispeántas scoile, trí thaispeántas ealaíne, nó ar shuíomh gréasáin na scoile!

Le cur isteach air:

Cuir isteach d'iontráil leis na sonraí seo a leanas ar a cúl nó ceangailte léi:

1. Cuir isteach d'iontráil chomh maith le d'fhoirm iontrála chomhlánaithe chuig Oifig Thionscadail Duine Cosúil Liomsa ag Real Nation, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 W620.

2. Cur síos gairid ina mínítear na smaointe agus an spreagadh taobh thiar de shaothar do chuid daltaí (líon na bhfocal ar leibhéal sóisearach: suas le 200 focal). Cuir í seo isteach chomh maith le d'fhoirm iontrála.

Le haghaidh píosaí atá níos mó / nó píosaí 3T is féidir leat grianghraif a thógáil agus iad a chur isteach le do chuid sonraí.

Cuimhnigh

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint as fabraic nó más mian leat bheith an-chruthaitheach is féidir leat meáin mheasctha a úsáid.